**An Bhruiséil, 20 Feabhra 2023**
**(OR. en)**

**6631/23**

**COAFR 77**
**COPS 90**
**DEVGEN 37**
**COHOM 53**
**COHAFA 20**
**RELEX 244**
**CFSP/PESC 300**
**CSDP/PSDC 143**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Straitéis athnuaite an Aontais um na Mór-Lochanna: tacú le claochlú chun deiseanna comhroinnte a dhéanamh de bhunchúiseanna na héagobhsaíochta<br>- Conclúidí ón gComhairle (an 20 Feabhra 2023) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo na conclúidí ón gComhairle maidir le Straitéis athnuaite an Aontais um na Mór-Lochanna mar a formheasadh iad ag an 3932ú cruinniú den Chomhairle an 20 Feabhra 2023.

**<u>IARSCRÍBHINN</u>**

**Straitéis athnuaite an Aontais um na Mór-Lochanna: tacú le claochlú chun deiseanna comhroinnte a dhéanamh de bhunchúiseanna na héagobhsaíochta**

**Conclúidí ón gComhairle**

*<u>Réamhrá</u>*

1. Is réigiún tábhachtach ó thaobh straitéise de réigiún na Mór-Lochanna, atá idirnasctha go mór leis an gcuid eile den mhór-roinn. Tá sochaithe dinimiciúla athléimneacha sa réigiún, agus tá sé de chumas aige a bheith ina inneall le haghaidh fhorbairt na mór-roinne ar fad.

2. Tá naisc láidre fadbhunaithe idir an réigiún agus an tAontas Eorpach ó thaobh daoine, na polaitíochta agus na heacnamaíochta de. Tá an tAontas agus a Bhallstáit tiomanta go hiomlán don chaidreamh straitéiseach agus don chomhpháirtíocht chomhionann atá acu le réigiún na Mór-Lochanna a dhoimhniú chun tacú leis an daonlathas, le cearta an duine, leis an tsíocháin agus leis an tslándáil, leis an smacht reachta, le comhionannas inscne, le díothú na bochtaineachta agus leis an bhforbairt inbhuanaithe.

3. Le blianta fada anuas, mar gheall ar thimthriall leanúnach na coinbhleachta, an fhoréigin agus an teannais, baineadh an bonn ó mhianach, cruthaitheacht agus fiontraíocht a mhuintire agus níor ligeadh don réigiún tairbhe a bhaint as an acmhainneacht ollmhór atá aige ó thaobh bithéagsúlachta, foraoisí trópaiceacha, uisce agus sócmhainní talmhaíochta, agus taiscí amhábhar. Go háirithe, tugtar le fios dúinn, i bhfianaise an ghéaraithe ar an gcoinbhleacht armtha in Oirthear Phoblacht Dhaonlathach an Chongó, éagobhsaíocht pholaitiúil agus teannas déthaobhach timthriallach sa réigiún, nach mbeidh deireadh leis an gcostas tragóideach daonna mura mbainfear amach síocháin bhuan chuimsitheach. An éagobhsaíocht leanúnach sin is cúis ceann de na géarchéimeanna daonnúla is measa agus is faide ar domhan agus is baol, dá barr, go mbeidh an réigiún ina dhaingean ag an sceimhlitheoireacht intíre agus idirnáisiúnta agus ag líonraí coiriúla trasnáisiúnta.

4. Is casta ilsrathach idirnasctha iad bunchúiseanna na héiginnteachta agus na héagobhsaíochta, lena n-áirítear an drochrialachas agus an t-éilliú, an easpa institiúidí cuimsitheacha, an tsaoirse fhadbhunaithe ó phionós agus an mhí-úsáid cumhachta, mar aon leis an iomaíocht fhoréigneach le haghaidh rochtain agus rialú ar thalamh agus acmhainní nádúrtha eile. Ina theannta sin, chuir na rudaí uile seo a leanas leis an gcoinbhleacht leanúnach: iomadú grúpaí armtha agus na grúpaí sin a bheith á n-ionstraimiú ag gníomhaithe eachtracha, réigiúnacha agus intíre, cur isteach ar chríocha na stát comharsanachta, rochtain éasca ar airm, teannas eitneach a eascraíonn as bréagaisnéis, cumarsáid ionramhálach agus fuathchaint, sáruithe agus mí-úsáidí tromchúiseacha córasacha chearta an duine, sáruithe an Dlí Daonnúil Idirnáisiúnta (DDI), foréigean gnéasach agus inscne, tráma comhchoiteann, brú déimeagrafach, an bhochtaineacht, an t-ocras agus an neamhshlándáil bia, easáitiú éigeantach fadtéarmach agus gluaiseachtaí neamhrialta daoine, an t-athrú aeráide agus díghrádú an chomhshaoil.

5. Chun go n-éireodh leis na tíortha sa réigiún aghaidh a thabhairt ar na bunchúiseanna sin, tá sé den ríthábhacht go mbeadh siad rannpháirteach ina réiteach agus úinéireacht a bheith acu ar na réitigh sin, go háirithe an Bhurúin, Poblacht Dhaonlathach an Chongó (PDC), Ruanda agus Uganda, ionas go gcuirfear na hathchóirithe riachtanacha chun feidhme i ndlúthchomhar lena gcomharsana, lena gcomhpháirtithe réigiúnacha agus idirnáisiúnta. Ba cheart, sa rannpháirtíocht réigiúnach, tosaíocht a dhéanamh de thiomantas na dtíortha don tsíocháin, urraim a thabhairt do cheannasacht agus d'iomláine chríochach na dtíortha uile sa réigiún agus timpeallacht muiníne frithpháirtí agus comhpháirtíochta a chothú. Is príomhthionscnaimh iad, agus síochái agus slándáil fhadtéarmach inbhuanaithe á mbaint amach, na tionscnaimh taidhleoireachta a seoladh sa mhór-réigiún, mar shampla an Creat Síochána, Slándála agus Comhair do Phoblacht Dhaonlathach an Chongó agus don réigiún, agus níos déanaí, próisis Luanda agus Nairobi.

*Rannpháirtíocht Straitéiseach Athnuaite de dhíth san Aontas*

6. Ba mhian leis an Aontas riamh tionchar dearfach inbhraite a bheith aige ar an réigiún. Is mór an infheistíocht ata déanta aige sa tsíocháin, sa chobhsaíocht agus san fhorbairt i réigiún na Mór-Lochanna, trí ghníomhaíochtaí iomadúla taidhleoireachta, polaitiúla, slándála, forbartha agus daonnúla a dhéanamh ann. Is mian leis an Aontas anois na ceachtanna a foghlaimíodh a chur san áireamh chun an uaillmhian sin a athnuachan agus a neartú.

7. Ós rud é go bhfuil slándáil, cobhsaíocht agus rathúnas thíortha réigiún na Mór-Lochanna fós ina dtosaíocht straitéiseach ag an Aontas, tá géarghá faoi láthair le bheith i dteagmháil leis an réigiún ar bhealach níos éifeachtaí sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma agus tá deis an don Aontas sin a dhéanamh. Tá an Straitéis nua bunaithe ar chur chuige comhtháite réigiúnach agus cuireann sí le Creat Straitéiseach an Aontais do Réigiún Mór-Lochanna na hAfraice (2013) a bhí ann roimhe, ach is ar ghníomhaíocht a dhírítear an ceann nua seo. Tá an fócas ar earnálacha áirithe ina bhfuil fíorleas coiteann ag an Aontas leis an réigiún agus inar féidir leis breisluach a thabhairt. Tá sé de chuspóir aige freisin feabhas a chur ar rannpháirtiú na hearnála príobháidí agus na sochaí sibhialta. Cuireann an Straitéis le Fís Chomhpháirteach 2030 a glacadh ag an gCruinniú Mullaigh idir an tAontas Eorpach agus an tAontas Afracach i mí Feabhra 2022, tá sí ailínithe go hiomlán le Straitéis 2020 na Náisiún Aontaithe maidir le Comhdhlúthú Síochána, Cosc Coinbhleachta agus Réiteach Coinbhleachta i réigiún na Mór-Lochanna, agus tá sí comhsheasmhach leis an gCreat Síochána, Slándála agus Comhair.

*Treoirphrionsabail*

8. Tá rannpháirtíocht straitéiseach athnuaite an Aontais bunaithe ar urraim, comhpháirtíocht chomhionann, leasanna coiteanna, úinéireacht áitiúil agus cuntasacht fhrithpháirteach.

9. Cosnóidh an tAontas an t-iltaobhachas agus an t-ord idirnáisiúnta riailbhunaithe a bhfuil na Náisiúin Aontaithe ina gcroílár, agus cuirfidh sé chun cinn iad. Tá an straitéis sin ailínithe le Clár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don fhorbairt inbhuanaithe agus léirítear inti tiomantas an Aontais oibriú chun na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a shaothrú ina n-iomláine.

10. Cuirfidh an tAontas urraim chun cinn freisin d'iomláine chríochach, ceannasacht, neamhspleáchas agus comhionannas na stát. Beidh an urraim don daonlathas, don dea-rialachas, don smacht reachta, do chearta an duine agus don dlí daonnúil idirnáisiúnta fós i gcroílár ghníomhaíochtaí uile an Aontais. Go sonrach, cuirfidh an tAontas saorthoghcháin chóra agus ceartas idirthréimhseach chun cinn chomh maith le comhrac na saoirse ó phionós agus comhrac an éillithe. Oibreoidh sé freisin chun cur i gcoinne an idirdhealaithe eitnigh agus idirdhealú grúpabhunaithe eile, na seineafóibe agus éadulaingt ghaolmhar.

11. Leanfaidh an tAontas de chomhionannas inscne a chur chun cinn, agus de chearta an duine a bheith á dteachtadh go hiomlán ag na mná agus ag na cailíní uile, i gcomhréir lena ghealltanais idirnáisiúnta, lena n-áirítear tríd an gcomhionannas inscne a phríomhshruthú ina chuid rannpháirtíochta sa réigiún. Cuirfidh sé dlús lena ghníomhaíocht chun foréigean gnéasach agus inscnebhunaithe a chomhrac. Ina theannta sin, leanfaidh an tAontas dá thiomantas láidir do chearta an linbh a urramú go hiomlán, feabhas a chur ar na hiarrachtaí chun deireadh a chur le sáruithe leanaí agus iad a chosc agus rannchuidiú le timthriall an fhoréigin a bhriseadh, rannchuidiú leis an gclár oibre do Leanaí agus Coinbhleacht Armtha a chur chun feidhme, i gcomhréir le Treoirlínte an Aontais is infheidhme agus leis na rúin ábhartha ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe.

12. Leanfaidh an tAontas de chuimsitheacht na sochaí sibhialta, na mban, na hóige, daoine atá i staideanna leochaileacha agus pobal imeallaithe sa tsochaí a chur chun cinn agus na daoine sin a chumhachtú. Rannchuideoidh an tAontas le neart a chur le struchtúir stáit agus institiúidí daonlathacha, cumhachtú na saoránach, rannpháirtíocht leis an tsochaí shibhialta agus rannpháirtíocht na hearnála príobháidí, ar rudaí iad sin uile a chuideoidh le sochaithe síochánta agus cobhsaíocht an réigiúin.

13. Déanfaidh an tAontas a chur chuige comhtháite a threisiú a thuilleadh maidir le coinbhleachtaí agus géarchéimeanna, agus neartóidh sé an nasc idir an chabhair dhaonnúil, an comhar um fhorbairt, agus an tsíocháin feadh nasc triarach. Neartófar an cur chuige coinbhleacht-íogair chun a áirithiú nach ndéanfar dochar le hiarrachtaí an Aontais agus go ndéanfar meastóireacht rialta ar na hiarrachtaí sin i ndáil le haon tionchar tánaisteach a d'fhéadfadh a bheith acu.

*<u>Príomhchuspóirí agus Tosaíochtaí an Aontais Eorpaigh</u>*

14. Is é cuspóir agus tosaíocht uileghabhálach an Aontais cabhrú le deireadh a chur le coinbhleacht armtha agus, ag an am céanna, an tsíocháin, an daonlathas agus an fhorbairt inbhuanaithe a chur chun cinn i réigiún na Mór-Lochanna trí rannchuidiú le claochlú bhunchúiseanna na neamhshláine agus na héagobhsaíochta ionas go ndéanfar deiseanna comhroinnte díobh agus go mbainfear úsáid as lánacmhainneacht an réigiúin.

15. Ar an gcéad dul síos, is príomhthosaíocht de chuid an Aontais é an tsíocháin, an tslándáil, an chobhsaíocht agus urraim do chearta an duine a áirithiú in Oirthear Phoblacht Dhaonlathach an Chongó agus sa réigiún, i gcomhréir le cur chuige comhtháite.

16. Ar an dara dul síos, tacóidh an tAontas leis an réigiún múnla bainistithe acmhainní a fhorbairt atá inbhuanaithe, cothrom agus bunaithe ar chearta an duine agus atá faoi stiúir na hAfraice mar cholún ríthábhachtach dá cobhsaíocht agus dá forbairt féin.

17. Ina theannta sin, tá sé d'aidhm ag an Aontas lánpháirtiú réigiúnach neartaithe a chur chun cinn, lena n-áirítear i dtéarmaí trádáil idir-réigiúnach agus inréigiúnach, agus rannchuidiú le feabhas a chur ar shaol eacnamaíoch na bpobal áitiúil. D'fhéadfadh sé sin a bheith ina fhachtóir cobhsaíochta agus ina spreagadh don rathúnas amach anseo sa réigiún agus sa mhór-roinn ar fad.

*<u>Ón Teannas go hIontaobhas, Slándáil agus Cobhsaíocht</u>*

18. Ní mór aghaidh a thabhairt ar an toirt ar na grúpaí armtha eachtracha agus áitiúla arb ann dóibh ar an láthair agus ar ghníomhaíochtaí na ngrúpaí sin, go háirithe in Oirthear Phoblacht Dhaonlathach an Chongó, a mbíonn tionchar tubaisteach acu ar an bpobal sibhialta agus a dhéanann dochar don chaidreamh déthaobhach idir tíortha an réigiúin.

19. Ní féidir muinín agus iontaoibh fhrithpháirteach a athbhunú agus a neartú ach a mbeidh idirphlé inchreidte agus cuimsitheach ar siúl idir tíortha an réigiúin, agus iarrachtaí náisiúnta athmhuintearais á ndéanamh ag gach tír nuair is gá. Is é sin an chéad chéim atá le tabhairt chun an tsíocháin, an tslándáil agus an chobhsaíocht inbhuanaithe a bhunú. Tá an tAontas faoi réir le dlús a chur lena rannpháirtíocht san idirghabháil, i ngníomhaíochtaí tacaíochta idirghabhála agus san idirphlé, chun an tsíocháin a chaomhnú agus a athbhunú ag gach aon chéim agus ar gach leibhéal, idir údaráis, páirtithe sna coinbhleachtaí, pobail áitiúla, an tsochaí shibhialta agus an earnáil phríobháideach. Tá sé faoi réir le gníomhú mar idirghabhálaí, nuair a iarrann na páirtithe ábhartha é agus má iarrann na páirtithe ábhartha é.

20. Cáineann an tAontas go láidir na hionsaithe arna ndéanamh ag na grúpaí armtha uile a bhíonn ag feidhmiú i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó, lena n-áirítear Gluaiseacht an 23 Márta (M23), an *Coopérative pour le développement du Congo* (CODECO), na Comhfhórsaí Daonlathacha (ADF), na *Forces démocratiques de libération du Rwanda* (FDLR), an *Résistance pour un État de droit* (RED-Tabara) agus grúpaí Mai-Mai, agus tathantaíonn sé ar na grúpaí armtha deireadh a chur láithreach leis an gcogaíocht (agus sos comhraic infhíoraithe a fhógairt ina dhiaidh sin), tarraingt siar as gach limistéar atá faoina smacht agus dí-armáil.

21. Tathantaíonn an tAontas go láidir ar stáit uile an réigiúin agus ar na gníomhaithe idirnáisiúnta an cheannasacht agus an iomláine chríochach a urramú go hiomlán, agus staonadh ón gcomhar le grúpaí armtha in Oirthear Phoblacht Dhaonlathach an Chongó agus ar fud an réigiúin agus ó thacaíocht a thabhairt dóibh, lena n-áirítear trí thionchar neamhdhleathach a fheidhmiú lasmuigh de theorainneacha an stáit, trí chomhoibriú le hionadaigh fhoréigneacha agus trí líonraí aindleathacha a úsáid le haghaidh gáinneáil ar acmhainní nádúrtha. Sa chomhthéacs sin, ní mór a mheabhrú gur sárú díreach ar an dlí idirnáisiúnta is infheidhme agus ar ghealltanais iomadúla a thug tíortha an réigiúin é aon tacaíocht a thabhairt do na grúpaí armtha sin, gníomhaíochtaí míleata a dhéanamh gan iarraidh ar chríoch eachtrach, nó trádbhac arm agus córais smachtbhannaí na Náisiún Aontaithe a shárú. Ní mór do na Stáit atá sa réigiún na bearta uile is gá a dhéanamh chun an pobal sibhialtach a chosaint ar a gcríocha, chomh maith leis an bhfuathchaint, an tseineafóibe agus gríosú chun foréigin a chomhrac. Ní mór iad siúd atá freagrach as foréigean a ghríosú a thabhairt os comhair na cúirte.

22. Molann an tAontas an ról tábhachtach atá ag na Náisiúin Aontaithe maidir le tacú le cobhsaíocht sa réigiún. Go háirithe, leagann an tAontas béim ar a ríthábhachtaí atá Misean Cobhsúcháin na Náisiún Aontaithe i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó (MONUSCO) chun sibhialtaigh a chosaint in Oirthear Phoblacht Dhaonlathach an Chongó. Tacaíonn an tAontas le MONUSCO ar feadh thréimhse a shainordaithe agus cáineann sé go láidir gach foréigean i gcoinne phearsanra na Náisiún Aontaithe agus aon ghríosú ina leith.

23. Is díol sásaimh don Aontas na hiarrachtaí réigiúnacha amhail Próiseas Nairobi agus Próiseas Luanda, agus leanfaidh sé de thacaíocht a thabhairt dóibh, agus tugann sé dá aire imscaradh fhórsa réigiúnach Chomhphobal na hAfraice Thoir. Tacóidh an tAontas leis na hionstraimí réigiúnacha atá ann cheana ar nós an tSásra Leathnaithe Chomhpháirtigh Fíorúcháin agus tá sé faoi réir chun tacú le tionscnaimh eile, mar shampla, an Sásra Réigiúnach Maoirseachta le haghaidh an Chreata Síochána, Slándála agus Comhair chomh maith le hiarrachtaí idirghabhála comhlántaí agus éascaithe a dhéanann Ballstáit an Aontais agus comhpháirtithe a bhfuil dáimh aige leo.

24. Is gné ríthábhachtach d’Athchóiriú na hEarnála Slándála (SSR) é úinéireacht náisiúnta. Tá an tAontas faoi réir chun tacú leis an bpróiseas sin trí idirphlé tiomnaithe rialta earnála. Leanfaidh an tAontas, mar is iomchuí, de thacaíocht a thabhairt do SSR sa réigiún, lena n-áirítear iarrachtaí fothaithe acmhainneachta na bhfórsaí slándála náisiúnta, ar coinníoll ríthábhachtach é chun go n-éireoidh leis na hiarrachtaí cobhsaíochta ar an leibhéal réigiúnach. Breithneoidh an tAontas cúnamh laistigh de réimse iomlán na slándála, lena n-áirítear gníomhaireachtaí míleata, póilíneachta agus faisnéise, aireachtaí, an pharlaimint, eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus comhlachtaí breithiúnacha agus ionchúisimh. Sa chomhthéacs sin, tacóidh an tAontas freisin le formhaoirseacht mhíleata agus fhorfheidhmiú an dlí, le breithiúna éifeachtacha agus cothroma, le cosaint chearta an duine agus le haon tionscnaimh lena dtacófar le deireadh a chur le cultúr ina gcreidtear go mbeifear saor ó phionós, lena n-áirítear sásraí an cheartais idirthréimhsigh.

25. Beidh an chaoi a n-éireofar le dí-armáil, díshlógadh agus athimeascadh (DDR) chomhaltaí na ngrúpaí armtha agus aisdúichiú grúpaí armtha eachtracha, a bheidh bunaithe ar na ceachtanna a foghlaimíodh ón am a chuaigh thart, ríthábhachtach chun go mbeidh síocháin bhuan agus muinín athnuaite sa réigiún. Scrúdóidh an tAontas, i gcomhar le comhpháirtithe idirnáisiúnta a bhfuil dáimh aige leo, bealaí chun an tacaíocht a thugtar don phróiseas sin a threisiú. Trí chur chuige na dtrí nasc, díreoidh an tAontas ar iarchomhraiceoirí agus ar théarnamh an phobail a athbhunú, lena n-áirítear trí idirphlé pobail agus athmhuintearas agus trí aghaidh a thabhairt ar thráma, agus rannchuideoidh sé le forbairt shocheacnamaíoch inbhuanaithe agus athléimneacht aeráide sna pobail óstacha lena mbaineann. Tabharfar aird ar leith ar riachtanais na mban agus na leanaí a raibh baint acu le gníomhaíochtaí grúpaí armtha roimhe seo.

26. Cuirfidh an tAontas comhar treisithe chun cinn maidir le rialú, cosaint agus bainistiú teorainneacha talún agus locha, lena n-áirítear comhar custaim agus slándála, atá ríthábhachtach chun teannas a mhaolú agus chun dúshraith a chruthú don fhorbairt fhadtéarmach. Cuirfidh an tAontas comhar feabhsaithe breithiúnach agus slándála chun cinn, lena n-áirítear i réimse na cibearshlándála, i gcomhrac na gáinneála ar airm agus acmhainní nádúrtha agus i ndáil leis an antoisceachas foréigneach a chosc, agus sciúradh airgid, maoiniú grúpaí armtha agus an choireacht eagraithe a chomhrac.

27. Is dúshlán lárnach é na daonraí móra dídeanaithe atá ag ardú agus an líon ard daoine easáitithe ina dtír féin (IDPanna) i réigiún na Mór-Lochanna. I ndlúthchomhar le UNHCR agus le heagraíochtaí ábhartha eile, tacóidh an tAontas le tíortha an réigiúin agus iad ag díriú ar riachtanais na ndaoine atá easáitithe ina dtír féin, na n-iarrthóirí tearmainn agus na n-dídeanaithe, agus aird ar leith á tabhairt ar mhná, ar leanaí, ar dhaoine scothaosta agus ar dhaoine faoi mhíchumas. Tacófar freisin le réitigh pholaitiúla chun aghaidh a thabhairt ar cheisteanna a bhaineann le dídeanaithe d'fhonn teannas trasteorann agus coinbhleachtaí a eascraíonn as gluaiseachtaí daonra a rinneadh roimhe seo a réiteach.

28. I gcomhréir le clár oibre na Náisiún Aontaithe agus le plean gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh maidir le mná, an tsíocháin agus an tslándáil, tabharfaidh an tAontas aird ar leith ar an gcomhionannas inscne agus ar cheannaireacht na mban agus na gcailíní, go háirithe i ndáil leis an tsíocháin agus an tsíochánaíocht, rialachas níos fearr agus forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn. Tacóidh sé le cumhachtú na mban agus na ndaoine óga, lena n-ionadaíocht agus lena rannpháirtíocht iomlán chomhionann éifeachtach agus fhóinteach, agus urramófar a n-éagsúlacht. Cuirfidh sé dlús lena ghníomhaíocht chun foréigean gnéasach agus inscnebhunaithe a chosc agus a chomhrac, lena n-áirítear mar arm cogaidh, a dhírítear go sonrach ar mhná agus ar chailíní.

29. Tá an tAontas tiomanta i gcónaí cearta uile an duine a chur chun cinn, a chosaint agus a chomhall, Clár Oibre Gníomhaíochta Bhéising agus Clár Oibre na Comhdhála Idirnáisiúnta maidir le Daonra agus Forbairt a chur chun feidhme go héifeachtach agus go hiomlán, mar aon le pé toradh a bheidh ar a gcuid comhdhálacha athbhreithniúcháin, agus sa chomhthéacs sin, leanann an tAontas de bheith tiomanta do shláinte ghnéis agus sláinte atáirgthe agus na cearta a bhaineann leo. Á choimeád sin i gcuimhne dó, athdhearbhaíonn an tAontas a thiomantas do chur chun cinn, cosaint agus comhlíonadh cheart gach duine chun smacht iomlán a bheith acu ar ábhair a bhaineann lena ngnéasacht agus lena sláinte gnéis agus atáirgthe, saor ó idirdhealú, ó chomhéigean agus ó fhoréigean, agus chun cinneadh a dhéanamh gan bhac agus ar bhealach freagrach ina leith sin. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir an athuair a riachtanaí atá an rochtain uilíoch ar fhaisnéis ardcháilíochta, inacmhainne, chuimsitheach i leith na sláinte gnéis agus atáirgthe agus i leith an oideachais, lena n-áirítear oideachas cuimsitheach gnéasachta, agus seirbhísí cúraim sláinte.

*Ó Gháinneáil go Trádáil agus Forbairt Inbhuanaithe*

30. I gcomhréir leis an gComhaontú Glas don Eoraip, rachaidh an tAontas i dteagmháil le hidirghabhálaithe réigiúnacha chun clár oibre trádála agus infheistíochta atá cothrom, oscailte agus riailbhunaithe a fhorbairt agus a chur chun feidhme. Tá sé faoi réir chun rannchuidiú le sásraí idir-réigiúnacha a fhorbairt chun luachshlabhraí acmhainní nádúrtha a bhainistiú agus a rialú ar bhealach inbhuanaithe, agus an t-aistriú ón ngáinneáil a spreagadh go gníomhach i dtreo geilleagar dlisteanach a bheidh bunaithe ar thráchtáil.

31. Leagfaidh an tAontas an-bhéim ar bhainistiú acmhainní inbhuanaithe. Áireofar leis sin mianraí coinbhleachta, mar shampla stán, tantalam, tungstan agus ór, agus amhábhair chriticiúla, mar shampla cóbalt agus litiam, atá tábhachtach chun luachshlabhraí inbhuanaithe áitiúla a fhorbairt agus le haghaidh an aistrithe fuinnimh dhomhanda. Leanfaidh an tAontas de thacaíocht a thabhairt do tháirgeadh, próiseáil agus trádáil mianraí áitiúla inbhuanaithe agus d'fhorbairt luachshlabhraí áitiúla agus idirnáisiúnta, lena n-áirítear trí chomhpháirtíochtaí comhthairbheacha, i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais atá ann cheana, le caighdeáin idirnáisiúnta agus le sásraí deimhniúcháin réigiúnacha, lena n-áirítear an Chomhdháil Idirnáisiúnta maidir le Réigiún Mór-Lochanna na hAfraice. Cuideofar leis sin, leis an mbreisluach áitiúil a neartú, agus an tairbhe is mó is féidir a bhaint as saothrú acmhainní nádúrtha don phobal áitiúil. Tabharfar aird ar leith ar chearta saothair, go háirithe ar dhálaí oibre d'oibrithe mianaigh.

32. Tá an tAontas faoi réir chun feabhas a chur ar an tacaíocht a thugann sé do thíortha an réigiúin agus do na geallsealbhóirí ábhartha uile agus chun comhar a threisiú maidir le bainistiú acmhainní comhpháirteacha comhshaoil i réimsí chosaint agus bhainistiú na bhforaoisí agus na n-éiceachóras trasteorann, an fhiadhúlra agus na speiceas plandaí, bainistiú inbhuanaithe acmhainní uisce, táirgeadh agus dáileadh fuinnimh aeráidneodraigh, éiceathurasóireacht agus luachshlabhraí talmhaíochta inbhuanaithe agus saor ó dhífhoraoisiú.

33. Tá tionchar mór ag an athrú aeráide agus ag díghrádú an chomhshaoil ar an réigiún cheana féin. Is iolraitheoir riosca iad freisin, rud a mhéadaíonn na leochaileachtaí atá ann cheana, a mhéadaíonn coinbhleachtaí, easáitiú agus iomaíocht le haghaidh acmhainní nádúrtha gann, go háirithe talamh agus uisce. Leanfaidh an tAontas de bheith ag tacú le cosaint na bithéagsúlachta, na n-éiceachóras agus na n-acmhainní nádúrtha, agus le maolú agus oiriúnú thionchar méadaitheach an athraithe aeráide ar na pobail áitiúla, i gcomhréir le Coincheap an Aontais le haghaidh Cur Chuige Comhtháite i leith an Athraithe Aeráide agus na Slándála. Tacóidh an tAontas freisin le rannchuidithe uaillmhianacha arna gcinneadh go náisiúnta faoi Chomhaontú Pháras. Tabharfar aird ar leith ar chaomhnú an róil ríthábhachtaigh atá ag foraoisí an réigiúin mar linn charbóin. Leanfaidh an tAontas den cheart chun timpeallacht ghlan, shláintiúil agus inbhuanaithe a chur chun cinn freisin.

34. Ina thaidhleoireacht, leagfaidh an tAontas béim ar na deiseanna a bhaineann leis an aistriú glas agus an aistriú digiteach ó thaobh na forbartha eacnamaíche de, go háirithe le haghaidh infheistíochta, cruthú post agus neartú na hearnála príobháidí agus na timpeallachta gnó, chomh maith le forbairt dhaonna, lena n-áirítear rochtain ar sheirbhísí sóisialta bunúsacha agus feabhas a chur ar an oideachas agus ar an ngairmoiliúint.

*<u>Ó Iomaíocht go Comhar agus Comhtháthú</u>*

35. Mar obair leantach ar an gcruinniú mullaigh idir an tAontas Eorpach agus an tAontas Afracach i mí Feabhra 2022, déanfaidh an tAontas, i gcomhar le tíortha an réigiúin, an Pacáiste Infheistíochta Global Gateway a chur chun feidhme. Tacóidh Global Gateway le hinfheistíochtaí inbhuanaithe ar mhórscála trí Thionscnaimh Fhoireann na hEorpa agus trí ionstraimí comhair, agus tosaíochtaí náisiúnta á gcur san áireamh.

36. Go háirithe, tá an tAontas réidh chun comhtháthú réigiúnach a spreagadh agus infheistíochtaí claochlaitheacha a chur chun cinn. Díreoidh an tAontas ar thrádáil trasteorann agus ar chomhar eacnamaíoch, ag tacú le comhtháthú eacnamaíoch agus conairí straitéiseacha iompair nua chun ceithre thír an réigiúin a nascadh le chéile, lena gcomharsana réigiúnacha agus leis an gcuid eile den domhan ar bhealach níos fearr. Nascfaidh na conairí idirnáisiúnta sin an réigiún le calafoirt an Atlantaigh agus an Aigéin Indiaigh.

37. Ina theannta sin, tacóidh an tAontas le hinfheistíochtaí chun comhar a fhorbairt maidir le táirgeadh agus trádáil fuinnimh, lena n-áirítear trí idirnaisc idir eangacha leictreachais tíortha éagsúla, chomh maith le feachtas chun an soláthar fuinnimh in-athnuaite agus éifeachtacht fuinnimh níos fearr a mhéadú.

38. Tacóidh an tAontas le cur chun feidhme comhaontuithe trádála, amhail Comhphobal Oirthear na hAfraice (EAC), Comhphobal Forbraíochta Dheisceart na hAfraice (SADC) agus Comhphobal Eacnamaíoch Stáit Lár na hAfraice (ECCAS), chomh maith le Limistéar Saorthrádála Ilchríochach na hAfraice (AfCFTA) agus cuideoidh sé leis an gcur chun feidhme sin, lena dtugtar deis chun rialachas níos fearr a dhéanamh ar thrádáil réigiúnach. Féachfaidh an tAontas lena chomhar féin a neartú maidir le trádáil agus infheistíocht leis an réigiún, lena n-áirítear trí na Comhaontuithe Comhpháirtíochta Eacnamaíche atá ar fáil do na tíortha sa réigiún.

39. Leanfaidh an tAontas d'ullmhacht, cosc agus freagairt a neartú i gcás tubaistí agus paindéimí, agus tabharfaidh sé aghaidh ar bhealach níos éifeachtaí ar éigeandálaí sláinte poiblí a rinne difear do go leor daoine ar fud an réigiúin, lena n-áirítear trí infheistíocht a dhéanamh i neartú na gcóras sláinte agus trí rochtain ar sheirbhísí sláinte príomhúla a áirithiú.

*Comhpháirtithe*

40. Le cur chuige ciorcal comhlárnach geografach, beidh rannpháirtíocht ghníomhach maidir le dúshláin an réigiúin á lorg ag an Aontas leis na háiteanna seo a leanas: Poblacht Dhaonlathach an Chongó, an Bhurúin, Ruanda agus Uganda; tíortha sa réigiún máguaird a bhfuil leasanna sonracha polaitiúla, taidhleoireachta, slándála agus/nó eacnamaíocha acu i réigiún na Mór-Lochanna, lena n-áirítear sínitheoirí an Chreata Síochána, Slándála agus Comhair do PDC, ach gan a bheith teoranta dóibh; agus na príomheagraíochtaí agus na príomhfhóraim réigiúnacha, eadhon an tAontas Afracach, EAC, ECCAS, SADC, ICGLR, Comhphobal Eacnamaíoch Thíortha na Mór-Lochanna agus an Cómhargadh don Afraic Thoir agus don Afraic Theas (COMESA).

41. Leanfaidh an tAontas de bheith ag comhoibriú leis na Náisiúin Aontaithe, go háirithe le Toscaire Speisialta Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe do Réigiún na Mór-Lochanna agus MONUSCO, agus le hInstitiúidí Idirnáisiúnta Airgeadais, chomh maith le comhpháirtithe idirnáisiúnta eile atá ar aon intinn, i gcomhréir le cur chuige comhtháite chun sineirgí breise a chothú.

42. Spreagfaidh an tAontas comhar inláimhsithe idir institiúidí poiblí agus gníomhaithe áitiúla, lena n-áirítear trádálaithe ar mhionscála agus údaráis áitiúla agus pobail, maidir le saincheisteanna sonracha ar mhaithe le leas comhchoiteann an réigiúin.

43. Leanfaidh an tAontas de thacaíocht a thabhairt do rannpháirtíocht ghníomhach fhóinteach na sochaí sibhialta sa réimse polaitiúil agus socheacnamaíoch. Tacóidh sé le dinimic réigiúnach i measc eagraíochtaí na sochaí sibhialta, agus cuirfidh sé rannpháirtíocht agus idirphlé trasteorann chun cinn.

44. Rachaidh an tAontas i dteagmháil leis an earnáil phríobháideach ar bhealach níos gníomhaí, rud atá ríthábhachtach chun an geilleagar a chur ar bhonn foirmiúil, lena gcruthófar breisluach áitiúil agus deiseanna fostaíochta cuibhiúla, agus caighdeáin tionsclaíochta á bhfeabhsú, rud a áiritheoidh comhtháthú i slabhraí luacha réigiúnacha agus domhanda. Tabharfar aird ar leith ar an timpeallacht ghnó a fheabhsú agus ar chearta an duine a chaomhnú agus a chur chun cinn san earnáil phríobháideach.

*An Bealach Chun Cinn: uirlisí agus beartais chun an Straitéis a chur chun feidhme*

45. Leagtar amach i Straitéis na Mór-Lochanna seo an creat do bheartais agus do ghníomhaíochtaí uile an Aontais sa réigiún, lena gcumasaítear rannpháirtíocht neartaithe a shaothrú agus torthaí nithiúla intomhaiste a bhaint amach.

46. Cuirfidh an tAontas dlús lena rannpháirtíocht taidhleoireachta i réigiún na Mór-Lochanna agus leis an réigiún, agus tá sé toilteanach a láithreacht sa réigiún a threisiú, go háirithe in Oirthear Phoblacht Dhaonlathach an Chongó. Le comhordú feabhsaithe idir Toscaireachtaí an Aontais sa réigiún, agus le hionadaíochtaí na mBallstát, neartófar lorg taidhleoireachta an Aontais. Leanfaidh an tAontas den idirphlé polaitiúil rialta le gach ceann de na tíortha sa réigiún. Tá sé réidh freisin dul i mbun idirphlé polaitiúil réigiúnach leis na ceithre thír lena mbaineann go príomha, chun bealaí le haghaidh comhar comhpháirteach a shainaithint, i gcomhar iomlán leis na próisis eile atá ann cheana.

47. Chomh maith lena rannpháirtíocht taidhleoireachta mhéadaithe, tacóidh an tAontas leis na hiarrachtaí idirghabhála agus réitigh coinbhleachta faoi stiúir na dtíortha sa réigiún, chomh maith le hiarrachtaí faoi stiúir Bhallstáit an Aontais agus chomhpháirtithe atá ar aon intinn leo.

48. Agus é ag cur lena chomhluachanna leis na tíortha sa réigiún, féachfaidh an tAontas lena idirphlé maidir le cearta an duine agus an dlí daonnúil idirnáisiúnta a threisiú le tíortha an réigiúin. Leanfaidh sé de bheith rannpháirteach go gníomhach agus de labhairt amach faoi sháruithe ar chearta an duine agus ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta. Ina theannta sin, cuirfidh an tAontas tuilleadh comhair chun cinn i bhfóraim iltaobhacha um chearta an duine, lena n-áirítear Comhairle na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine.

49. Mar fhreagairt ar mhéid na géarchéime daonnúla agus cosanta in Oirthear Phoblacht Dhaonlathach an Chongó, leanfaidh an tAontas de chúnamh daonnúil a chur ar fáil do na pobail is leochailí agus is mó atá buailte ag géarchéimeanna, lena n-áirítear do líon mór daoine easáitithe ina dtír féin agus dídeanaithe sa réigiún, agus ag an am céanna féachfaidh sé le réitigh mharthanacha a chothú do na pobail sin.

50. Athdhearbhaíonn an tAontas go bhfuil sé réidh chun slógadh, de réir mar is iomchuí, raon iomlán a chuid uirlisí agus beartas chun an Straitéis sin a chur chun feidhme, lena n-áirítear an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta - an Eoraip Dhomhanda (ICFCI-an Eoraip Dhomhanda), an Ciste Eorpach um Fhorbairt Inbhuanaithe Plus (CEFI+) agus an tSaoráid Eorpach Síochána.

51. Spreagfaidh an tAontas tionscnaimh agus infheistíochtaí claochlaitheacha déthaobhacha nó iltíre agus tacóidh sé leo, lena n-áirítear trí thionscnaimh Global Gateway agus Fhoireann na hEorpa réigiúnach.

52. Tacóidh an tAontas leis an tsíocháin agus leis an tslándáil, ar an leibhéal déthaobhach agus réigiúnach araon, agus féadfaidh sé machnamh a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí breise chun acmhainneachtaí fhórsaí slándála agus cosanta na dtíortha sa réigiún a fheabhsú agus chun tacú leo chun na críche sin, i gcomhthéacs athchóirithe ar earnáil na slándála.

53. Leanfaidh an tAontas de dhlúthfhaireachán agus d'athbhreithniú a dhéanamh ar éifeacht a chuid beart sriantach, chomh maith lena leasú nuair is gá agus, más gá, chun an tsíocháin, an tslándáil, an daonlathas agus an urraim do chearta an duine a bhaint amach, mar chuid dá chuspóirí beartais sheachtraigh. Beidh na bearta sriantacha fós ina n-uirlis chun athrú dearfach a dhéanamh ar iompar na ndaoine agus na n-eintiteas atá freagrach as coinbhleachtaí armtha a chothú nó a shaothrú, na tíortha sa réigiún a dhíchobhsú agus atá freagrach as sáruithe agus mí-úsáidí ar chearta an duine. Sa chomhthéacs sin, féadfar iad a úsáid chun cumas na líonraí coiriúla a laghdú chun gáinneáil a dhéanamh ar acmhainní nádúrtha agus chun baint a bheith acu le dúshaothrú neamhdhleathach, trádáil aindleathach agus sreabha aindleathacha airgeadais.

54. Déanfaidh an tAontas a chumarsáid phoiblí a threisiú, d'fhonn a rannchuidiú agus a bheartais a chur chun cinn, freagairt go mear ar fhorbairtí suntasacha agus ar dhinimic réigiúnach, agus an bhréagaisnéis, an chumarsáid ionramhála agus an fhuathchaint a thagann ó laistigh den réigiún agus ó ghníomhaithe seachtracha a chomhrac go gníomhach.

55. Ag aithint dó an gá atá le rannpháirtíocht ardleibhéil leis an réigiún, agus chun tacú le cur chun feidhme na Straitéise seo, féachfaidh an tAontas le post Ionadaí Speisialta an Aontais do Réigiún na Mór-Lochanna a athbhunú. Iarrann an Chomhairle ar an Ardionadaí togra a thíolacadh chuige sin.

56. Iarrann an Chomhairle ar an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí agus ar sheirbhísí an Choimisiúin a áirithiú go ndéanfar clársceidealú agus cur chun feidhme chomhar an Aontais um fhorbairt a choigeartú i gcomhréir leis an Straitéis sin chomh maith leis na forbairtí is déanaí agus na ceachtanna a foghlaimíodh.

57. Breithneoidh an Chomhairle go rialta an dul chun cinn atá déanta i gcur chun feidhme na Straitéise seo agus iarrann sí ar an Ardionadaí agus ar an gCoimisiún módúlachtaí nithiúla a chur i láthair chun an Straitéis a oibríochtú agus chun faireachán agus meastóireacht a dhéanamh uirthi.